Ùimh 10
Fómhar 2004

# Alana

Nuachtlitir don Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige

## Eagarfhocal
## Le Heino Schonfeld, Stiúrthóir, *LFOLO*

Chuaigh an tOllamh John Coolahan ar scor le gairid ón tOllscoil na hÉireann Má Nuad ach tá sé fós an-ghníomhach in oideachas na hÉireann, ag labhairt ar "easnamh cur i bhfeidhm" dochreidte maidir le hoideachas agus cúram luath-óige sa tír seo. Agus tá an ceart aige.

Le sé bliana anuas go háirithe tá beartais Rialtais foilsithe chomh maith le go leor tuarascálacha tacaíochta ó pheirspictíochtaí éagsúla a shonraíonn bealach chun tosaigh maidir le soláthar luath-óige a fhorbairt in Éirinn. An rud is suntasaí ná gur foilsíodh Páipéar Bán an Rialtais maidir le hOideachas Luath-Óige *"Ready to Learn"* i 1999 agus go dtí seo níos cuireadh oiread is moladh amháin i bhfeidhm. Cheapfá go ndéantar beartas Rialtais chun é a chur i bhfeidhm taobh istigh d'am réasúnach seachas fanacht go mbeidh sé imithe as dáta!

Le gairid foilsíodh tuarascáil OECD maidir le hoideachas agus cúram luath-óige in Éirinn. Dúirt an tAire Stáit Síle de Valera nuair a seoladh an tuarascáil "gur tuarascáil thar a bheith tábhachtach í" agus "go léiríonn na moltaí coiscéim thábhachtach i bhfoirmiú leanúnach na mbeartas poiblí i ndáil le cúram agus oideachas luath-óige sa tír seo". Tá sé sin fíor ar ndóigh agus bheifeá ag súil go dtabharfadh an tuarascáil spreagadh chun athrú a bhfuil géarghá léi a chur i bhfeidhm. (Féach ar leathanach 2)

Chuir an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochta leis an díospóireacht ar oideachas agus cúram na luath-óige le gairid ina tuarascáil bhliantúil "The Competitiveness Challenge 2004". Tugann an tuarascáil cás maith beacht eacnamaíoch ar son oideachas agus cúram na luath-óige agus deir: "It is of concern, therefore, that Ireland's level of investment in pre-primary interventions and early childhood development is lower than nearly every other country benchmarked…" Leantar ar aghaidh ina dhiaidh sin ag moladh "the Minister for Education and Science should develop a programme for the roll out of pre-primary initiatives targeted towards areas of social and economic disadvantage."

Tá tús curtha ag an bhFóram Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta (NESF) le tuarascáil a dhréachtú maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige in Éirinn. Buíochas le Dia go ndíreoidh an tuarascáil seo ar chur i bhfeidhm éifeachtach bheartas an Rialtais seachas an méid atá ráite cheana a rá arís.

Agus molaimse go mba chóir, as seo amach, díriú ar an méid sin.

**Heino Schonfeld**
Stiúrthóir

### Contents


| | |
|---|---|
| Tuarascáil Mhór OECD maidir le Beartas Cúram agus Oideachas na Luath-Óige in Éirinn | 2 |
| Súil siar ar 'Ceisteanna Ardchaighdeáin' | 3 |
| Dul Chun cinn an NFQ | 4-5 |
| Foilseacháin LFOLO le teacht go gairid | 5 |


Eagarthóir
Heino Schonfeld

Cloite ag
Profile Lithoprint (01) 8316894

Má tá moltaí ar bith agat maidir leis an nuachtlitir déan teagmháil le Peadar Cassidy, Oifigeach Eolais ag 01 8842113 nó ag Peadar.Cassidy@spd.dcu.ie

Míle buíochas le DCULS le haghaidh an aistriú a rinne iad don nuachtlitir.

# Tuarascáil Mhór OECD

## maidir le Beartas Cúram agus Oideachas na Luath-Óige in Éirinn

*Le Heino Schonfeld, Stiúrthóir, LFOLO*

Sheol an tAire Stáit Síle de Valera TD, an *Athbhreithniú Téamach an ECFE ar Pholasaí Oideachais agus Cúraim don Luath-Óige in Éirinn* de chuid OECD ag Comhdháil LFOLO "Ceisteanna Ardchaighdeáin" a tionóladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, an 24 Meán Fómhair, 2004.

In 2002 thug an Roinn Oideachais agus Eolaíochta cuireadh do Stiúrthóireacht Oideachais OECD athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus ar sheirbhísí Oideachas Luath-Óige in Éirinn. Mar chuid den ullmhúchán don tuarascáil choimisiúnaigh an LFOLO tuarascáil shonraithe ar an gcúlra deartha chun forbhreathnú a thabhairt don OECD, i gcomhthéacs na hÉireann, ar imní agus ar shaincheisteanna móra, ar sholáthar agus ar bheartais oideachas agus cúram luath-óige reatha chomh maith le sonraí measúnúcháin agus cainníochtúla atá ar fáil. Bhuail foireann OECD le go leor ranna rialtais, gníomhaireachtaí agus lucht leasa eile a bhíonn ag déileáil le saincheisteanna luath-óige agus thug siad cuairteanna ar an láthair ar réimse seirbhísí do dhaoine óga idir 4 mhí agus 6 bliana d'aois.

Déanann tuarascáil OECD roinnt moltaí maidir leis na réimsí tábhachtacha rochtana, ardchaighdeáin agus comhordaithe. Tá a gcuid moltaí curtha i láthair ag foireann scrúdaitheoirí OECD, a bhfuil an Dr. John Bennett i gceannas orthu, agus níl na conclúidí chomh crua agus sciobtha is a bhí ach i spiorad na gcomhráite gairmiúla chun go mbreathnóidh lucht déanta beartais agus saineolaithe orthu. I measc na moltaí eile a bhí le fáil sa tuarascáil i ndáil le comhordú bhí cur i bhfeidhm Pháipéar Bán an Rialtais *"Ready to Learn"*, cur le chéile sciobtha *National Plan for Early Childhood Services Development,* comhtháthú iomlán a dhéanamh ar mhaoiniú agus ar bheartas cúram agus oideachas luath-óige faoi roinn amháin nó faoi ghníomhaireacht ghníomhaireacht ainmnithe maoiniúcháin agus beartais.

Agus an tuarascáil ag tabhairt faoi shaincheisteanna maidir le hardchaighdeáin, molann an tuarascáil go gcuirfidh le chéile *National Goals and Quality Framework* coiteann agus scéim dul chun cinn an fheabhais agus creidiúnú deonach do sholáthróirí seirbhísí, infrastruchtúr láidir oiliúna a fhorbairt ag leibhéal contae/cathrach do dhaoine gairmiúla in earnáil na luath-óige agus córais bailiúchán sonraí, measúnachta agus taighde láidrithe a fheidhmiú.

Fuarthas amach sa tuarascáil chomh maith go raibh easnaimh mhóra i rochtain ghinearálta agus shonrach ar oideachas agus cúram luath-óige in Éirinn agus moltar infheistíocht agus forbairt ollmhór a dhéanamh i ngach réimse.

Ag labhairt ag an seoladh dúirt an tAire Stáit de Valera "athbhreithniú thar a bheith tábhachtach atá anseo déanta leis an sainiúlacht agus gairmiúlacht a shamhlaímid leis an OECD anois. "

Tá impleachtaí beartais mholtaí OECD atá mbreithniú faoi láthair ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus táthar á scrúdú ag grúpa ardleibhéil an Rialtais maidir le cúram leanaí agus luathoideachas, ar a bhfuil ionadaithe sinsearacha ó roinnt ranna rialtais agus gníomhaireachtaí.

Tá téacs iomlán thuarascáil OECD agus an tuarascáil cúlra le fáil sa cháipéis foilsithe. Tá leabhrán eolais seolta chun achoimre a dhéanamh ar na príomhthorthaí agus moltaí ó fhoireann athbhreithnithe an OECD. Tá an dá cháipéis le fáil le híoschóipeáil ó láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta www.education.ie .

# Súil siar ar 'Ceisteanna Ardchaighdeáin', Comhdháil Idirnáisiúnta LFOLO 2004

Ba mhaith le Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige buíochas a ghlacadh le gach duine a bhí páirteach inár gcomhdháil le gairid maidir le hArdchaighdeán in Oideachas agus i gCúram na Luath-Óige a tionóladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair. Ócáid den chéad uair a bhí inti seo dúinne agus táimid an-bhuíoch as an tacaíocht a fuaireamar ón earnáil COLO sa bhaile agus thar lear, agus mar gheall air sin fanfaidh na heachtraí a tharla inár gcuimhne.

Chun amharc ar roinnt de na grianghraif ón gcomhdháil, féach ar
http://www.cecde.ie/english/conference_2004.php

Tá Imeachtaí na Comhdhála á
n-ullmhú faoi láthair le foilsiú agus dáilfear iad sna cúpla mí amach romhainn. Beidh siad le fáil ar ár láithreán gréasáin freisin ag http://www.cecde.ie/gaeilge/conference_2004.php a luaithe is féidir.

# Tuarascáil maidir le Dul Chun Cinn an Chreata Náisiúnta um Ardchaighdeán (NFQ)

*Le Jacqueline Fallon, Oifigeach Forbartha, LFOLO*

**Céim 1**

Léirigh ár gcomhdháil le gairid, *Ceisteanna Ardchaighdeáin*, an deireadh le Céim 1 d'fhorbairt NFQ. I rith Chéim 1, forbraíodh ceithre chineál taighde a thugann léargas ar na sraitheanna móra tionchair a aithníodh a bheith riachtanach don NFQ. Ba iad na ceithre sraith mhóra ná;

- tuairim an lucht leasa maidir le caighdeán i gcomhthéacs na hÉireann,
- saineolas carnach na hearnála cúram agus oideachas na luath-óige anseo,
- taithí idirnáisiúnta ar thóir an ardchaighdeáin agus
- peirspictíocht an linbh maidir leis an méid a chóir do sheirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar.

Mar gheall ar gach sraith acu seo ullmhaíodh tuarascáil mar a léirítear thíos.

*1. Ard-Chaighdeán Faoi Chaibidil* tuarascáil maidir leis an bpróiseas comhchomhairle leathan a rinne LFOLO le lucht leasa an COLO in Éirinn. Foilsíodh í níos luaithe i mbliana.

*2. Spléachadh ar an Ardchaighdeán: Athbhreithniú ar Bheartas, Cleachtas agus Taighde Náisiúnta a bhaineann leis an Ardchaighdeán i gCúram agus Oideachas Luathóige in Éirinn 1990-2004,* athbhreithniú leathan atá anseo ar na cáipéisí faighte ag LFOLO maidir le hardchaighdeán ón trí réimse a théann le chéile beartas, cleachtas agus taighde i COLO. Foilseofar an cháipéis go luath.

*3. Making Connections, A Review of International Policies, Practices and Research Relating to Quality in Early Childhood Care and Education,* an tríú ceann, athbhreithniú ar an taithí idirnáisiúnta maidir le hardchaighdeán a fhorbairt sa sé chontae. Déanann sé athbhreithniú, mar shampla, ar sholáthar curaclaim, oiliúint agus cáilíochtaí agus forbairt beartas náisiúnta i measc topaicí eile. Is gearr go bhfoilseofar é seo chomh maith.

4. Tá dhá cháipéis sa cheathrú ceann a thugann creat coincheapúil trína bhfeiceann an LFOLO forbairt an linbh. Tá an *Foundation Document* déanta as athbhreithniú forleathan ar an litríocht maidir le forbairt linbh, mar aon le peirspictíocht stairiúil maidir leis an mbealach a facthas an óige in Éirinn ó 1900 mar aon le hanailís chomhaimseartha ar an mbealach a fheictear an óige sa lá atá inniu ann. Tugann an cháipéis a théann leis, *Perspectives on Childhood*, anailís don LFOLO ar thaighde agus a chiallachas do chaighdeán a sholáthar anseo. Tá na cáipéisí seo faoi láthair á gcur in eagar.

**Céim 2**

An príomhchuspóir atá le Céim 2 ná réamhshamhail den NFQ a sholáthar. Táthar ag súil go mbeidh an obair seo déanta faoi Dheireadh Fómhair 2005. Tá Spriocam Forbartha curtha le chéile a léiríonn na príomhphointí sa bhliain amach romhainn. Is fiú na Pointí Comhchomhairle ann a thabhairt faoi deara. Bhí an LFOLO, agus tá fós, tiomanta dul i gcomhairle leis an lucht leasa. Rachfar i dteagmháil lenár gCoiste Comhchomhairle, ar a bhfuil ionadaithe ó réimse leathan grúpaí leasmhara, ag deireadh gach céime den fhorbairt. Chomh maith leis sin, chun ár meas ar ról na dtuismitheoirí sa phróiseas a léiriú tabharfaidh LFOLO soláthar speisialta ar fáil do pheirspictíochtaí na dtuismitheoirí ionas gur féidir iad a roinnt. Tá an tionscadal taighde, *In Search of Quality; Multiple Perspectives* faoi lán seoil cheana féin. Déanfaidh an tionscadal seo soiléiriú ar thuairimí an lucht leasa maidir le hardchaighdeán ar an talamh, leanaí san áireamh.

Caithfear an NFQ a chur i láthair ar bhealach a bheidh éasca le húsáid, a bheidh solúbtha agus oiriúnach do shuímh éagsúla agus spéis an lucht leasa in oideachas agus i gcúram luath-óige in

Éirinn. Réimse atá anseo chomh maith a mbeimid ag dul i gcomhairle leis an lucht leasa faoi agus le húsáideoirí ionchais agus tá fóram comhchomhairle ar-líne bunaithe againn chun tuairimí a bhailiú ar an bhformáid is oiriúnaí don NFQ. Tá sé seo le fáil ag www.cecde.ie áit a bhféadfaidh tú do chuid tuairimí a sheoladh isteach ar-líne nó dul i dteagmháil linn go díreach chun do chuid tuairimí a chur in iúl.

Faoi láthair, tá an LFOLO ag obair chun na Prionsabail lárnacha a thabharfaidh tacaíocht don NFQ a dhéanamh amach. Tá siad seo á dtógáil ón gceithre cholún chun go léireoidh siad, agus go dtiocfaidh siad le luachanna lucht leasa an COLO in Éirinn. Tá sé mar rún againn go dtiocfaidh an Prionsabail seo go maith le beartas náisiúnta atá ann cheana, cosúil leis an *Straitéis Náisiúnta Leanaí.* Beidh siad ar aon dul le taighde ar ghnéithe eile den soláthar ardchaighdeáin. Deimhneoidh Prionsabail Lárnacha an NFQ an tuairim atá tagtha chun cinn inár dtaighde ó bheartas, cleachtas agus taighde ar ardchaighdeán in Éirinn. Tabharfaidh na Prionsabail Lárnacha seo tacaíocht do chaighdeáin cháilíochta agus treoirlínte gaolmhara a fhorbairt don réamhshamhail NFQ atá ag teacht chun cinn.

## Foilseacháin LFOLO le teacht go gairid




**Spléachadh ar an Ardchaighdeán: Athbhreithniú ar Bheartas, Cleachtas agus Taighde Náisiúnta a bhaineann leis an Ardchaighdeán i gCúram agus Oideachas Luathóige in Éirinn 1990-2004 agus Making Connections: A Review of International Policies, Practices and Research Relating to Quality in Early Childhood Care and Education,** tá siad seo á n-ullmhú faoi láthair le foilsiú agus seolfar go luath iad. Tá dhá cholún thábhachtacha a thugann tacaíocht do Chreat Náisiúnta um Ardchaighdeán a fhorbairt agus geallann sé cur leis an díospóireacht maidir le hardchaighdeán in earnáil na luath-óige in Éirinn.

Féach ar ár láithreán gréasáin ag www.cecde.ie chun sonraí faoin seoladh a luaithe is a bheidh siad amuigh a fháil.